Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2026
(OR. en)

16472/26

FISC 435
ECOFIN 1576

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 629 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le hoibriú na socruithe a bhunaítear le Treoir 2010/24/AE an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 629 final.

Faoi iamh: COM(2026) 629 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.11.2026
COM(2026) 629 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le hoibriú na socruithe a bhunaítear le Treoir 2010/24/AE an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil

Réamhrá

1. Tá coinne ann go n-íocfaidh gach duine a chion cothrom cánach. Mura n-íoctar cánacha, ní mór d'údaráis fhioscacha gníomhaíocht aisghabhála a dhéanamh chun iad a bhailiú. Mar sin féin, tá inniúlacht na n-údarás fioscach teoranta dá gcríoch náisiúnta féin. Ní féidir leo éilimh thar lear a aisghabháil, cé go bhféadfadh sé gur bhog féichiúnaithe go tíortha eile nó go bhféadfadh sócmhainní a bheith ina seilbh acu i dtíortha eile. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá reachtaíocht glactha ag an Aontas lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit cúnamh frithpháirteach a chur ar fáil chun cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil. Tá an creat dlíthiúil sin le fáil i dTreoir 2010/24/AE (an 'Treoir maidir le hAisghabháil')[1]. Ós rud é go bhfuil forálacha na Treorach trasuite i gcórais dlí náisiúnta na mBallstát, ní mór dóibh cúnamh a thabhairt dá chéile trí fhaisnéis a mhalartú, trí fhógra a thabhairt faoi dhoiciméid, trí éilimh chánach a aisghabháil thar ceann Ballstát iarrthach, agus trí bhearta réamhchúraim a ghlacadh i gcás inar gá.

   Cuidíonn cúnamh frithpháirteach aisghabhála lena chinntiú go n-íocann gach duine a gcuid cánacha agus cuireann sé cosc ar chalaois chánach agus ar chaillteanais bhuiséadacha do na Ballstáit. Cuireann sé sin cothroime agus neamh-idirdhealú chun cinn laistigh den Aontas.

2. Is gá don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 5 bliana maidir le hoibriú na socruithe sin maidir le cúnamh aisghabhála. Déantar obair leantach sa tuarascáil seo ar Thuarascáil COM(2020) 813 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020[2] agus cumhdaítear léi an tréimhse 2020-2025.

3. Agus an tuarascáil seo á hullmhú ag an gCoimisiún, sheol sé suirbhé cuimsitheach i measc na mBallstát uile in 2025, inar iarradh sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla araon ar fud raon leathan topaicí a bhaineann le haisghabháil cánach. Díríodh sa cheistneoir ar eagrú agus acmhainní na Lároifigí Idirchaidrimh náisiúnta, ar úsáid cheart ríomhfhoirmeacha chun iarrataí ar chúnamh a sheoladh agus a fhreagairt agus ar chomhlíonadh na sprioc-amanna a leagtar síos leis an Treoir maidir le hAisghabháil, ar thionchar na n-éileamh a chonspóidtear agus na dtréimhsí teorann, agus ar infhaighteacht beart réamhchúraim. Bhí sé d'aidhm aige freisin léargas níos fearr a fháil ar úsáid na n-uirlisí atá ar fáil, iarraidh ar na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir lena rátaí náisiúnta aisghabhála agus lena gcleachtais díscríofa, comhar le riarthóirí dócmhainneachta, iarrataí ar aisíocaíocht CBL a láimhseáil, agus CBL atá fós gan íoc faoin scéim OSS a aisghabháil[3]. Ar deireadh, iarradh ar na Ballstáit sa suirbhé a dtuairimí a thabhairt maidir leis an ualach riaracháin, an fhéidearthacht gníomhaíocht iltaobhach a dhéanamh agus athchóirithe féideartha eile ar reachtaíocht an Aontais, agus comhar le tríú tíortha. Cuireadh na freagraí a fuarthas san áireamh san anailís a leagtar amach sa tuarascáil seo. Níor thug na Ballstáit uile freagra ar an suirbhé sin ar bhealach sásúil tráthúil áfach. Níor thug Ballstát amháin aon fhreagra.

1. Forbairtí tar éis na tuarascála roimhe seo

[1] Treoir 2010/24/AE an 16 Márta 2010 maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha, dleachtanna agus bearta eile a aisghabháil, IO L 84/1 an 31 Márta 2010.

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2020) 813 an 18 Nollaig 2020 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hoibriú na socruithe a bhunaítear le Treoir 2010/24/AE ón gComhairle.

[3] Faoi chreat OSS an Aontais, is féidir le daoine inchánacha atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach agus a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí do chustaiméirí príobháideacha i mBallstáit eile an CBL atá dlite sna Ballstáit eile sin (Ballstáit tomhaltais) a dhearbhú agus a íoc ina mBallstát féin (Ballstát sainaitheantais OSS). Bailíonn an Ballstát sainaitheantais OSS an CBL sin agus aistríonn sé é chuig na Ballstáit tomhaltais ina dhiaidh sin.

4. Sainaithníodh **cúig ghníomhaíocht tosaíochta** sa tuarascáil roimhe seo:

    1) Feabhas a chur ar bhailiú sonraí staidrimh maidir le húsáid an chúnaimh aisghabhála, chun meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chúnaimh fhrithpháirtigh aisghabhála, agus an gá á chur san áireamh ualach oibre breise ar na húdaráis fhioscacha náisiúnta a sheachaint nó a theorannú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt freisin ar an nasc idir ualach oibre na n-iarrataí a thagann isteach ar chúnamh agus na hacmhainní riaracháin a chuirtear in úsáid sa Bhallstát iarrtha;
    2) Scrúdú a dhéanamh ar fhadhbanna ar leibhéal na mBallstát aonair a bhaineann le rialacha nó cleachtais náisiúnta maidir le haisghabháil, a chuireann isteach ar fheidhmiú rianúil an chúnaimh fhrithpháirtigh aisghabhála, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;
    3) Scrúdú a dhéanamh ar riachtanais agus ar bhealaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an chórais cúnaimh aisghabhála ar leibhéal an Aontais;
    4) Forbairt a dhéanamh ar an eolas agus feasacht ar an reachtaíocht maidir le cúnamh frithpháirteach aisghabhála, ag údaráis fhioscacha náisiúnta agus ag cáiníocóirí araon;
    5) Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí agus ar na bealaí chun cúnamh aisghabhála le tríú tíortha a chur chun cinn agus a éascú, agus inniúlacht agus tosaíochtaí an Aontais á gcur san áireamh.

5. Maidir leis an obair leantach ar na gníomhaíochtaí tosaíochta sin, is féidir na **forbairtí seo a leanas** a thuairisciú:

    1) Chun bailiú sonraí staidrimh a éascú agus feabhas a chur air[4], d'fhorbair an Coimisiún uirlis chun an staidreamh a bhailiú ar bhealach uathoibrithe. Deimhníodh le tástáil sa chéad leath de 2025 a iontaofacht fhoriomlán, cé go mbraitheann a chruinneas fós ar úsáid cheart na bhfoirmeacha leictreonacha le haghaidh iarrataí ar chúnamh aisghabhála agus obair leantach.
    Ó 2026 ar aghaidh (i gcás staidreamh a bhaineann le cúnamh aisghabhála in 2025), bailítear sonraí ábhartha breise, amhail tráthúlacht na bhfreagraí agus an líon athbhreithnithe ar iarrataí ar chúnamh agus na cúiseanna leo. Ní hamháin go gcuireann bailiú uathoibrithe sonraí staidrimh feabhas ar iontaofacht na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit ach rannchuidíonn sé freisin leis an ualach riaracháin atá orthu a laghdú.
    2) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a ardaíodh ar leibhéal na mBallstát aonair, sheol an Coimisiún gníomhaíochtaí píolótacha an Aontais in 2023 i ndáil le hocht mBallstát maidir le rochtain na n-údarás náisiúnta atá freagrach as aisghabháil ar fhaisnéis faoi chuntais bhainc agus faoi shócmhainní eile chun iarrataí ar fhaisnéis atá ábhartha chun críoch aisghabhála cánach a chomhlíonadh. Tá roinnt soiléirithe agus leasuithe ar dhlíthe náisiúnta ann mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, rud a chuir feabhas ar chumas na n-údarás sin an fhaisnéis is gá a sholáthar chun freagairt d'iarraidh ó Bhallstát eile maidir le sócmhainní atá ina ndlínse.
    3) Thairis sin, i mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir an Coimisiún tús le nós imeachta um shárú lenar iarradh ar Bhallstát (Málta) bearta ceartaitheacha a dhéanamh: níor caitheadh le héilimh ó dhlínsí eile mar éilimh atá infhorfheidhmithe go díreach ach theastaigh réamhbhailíochtú ó chúirteanna náisiúnta ina leith. Ní raibh an cleachtas sin ag teacht le hAirteagal 12(1) den Treoir maidir le hAisghabháil, lena dtugtar éifeacht feidhmiúcháin láithreach don ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear

[4] De réir Airteagal 27(1) de Threoir 2010/24, ní mór do gach Ballstát sonraí staidrimh bliantúla a thuairisciú a bhaineann leis an líon iarrataí ar fhaisnéis, fógra, aisghabháil nó bearta réamhchúraim a seoladh chuig gach Ballstát iarrtha agus a fuarthas ó gach Ballstát iarrthach i gcaitheamh na bliana; agus méid na n-éileamh a n-iarrtar cúnamh aisghabhála ina leith agus na méideanna a aisghabhadh.

fhorfheidhmiú sa Stát iarrtha. Tugadh an nós imeachta sin um shárú chun críche tar éis theacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha in 2025 chun rialacha náisiúnta a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

4) Chuir an Coimisiún eolas agus feasacht ar an reachtaíocht maidir le cúnamh aisghabhála, ag údaráis fhioscacha náisiúnta agus ag cáiníocóirí araon, chun cinn trí thionscnaimh éagsúla: cruinnithe tráthrialta den Sainghrúpa um Aisghabháil, ceardlanna tiomnaithe Fiscalis d'oifigigh nua, ceardlanna téamacha maidir le saincheisteanna sonracha amhail cearta cáiníocóirí a chosaint, agus modúl ríomhfhoghlama a sheoladh i dtaca le foirmeacha leictreonacha a úsáid. Chomhlánaigh na gníomhaíochtaí sin iarrachtaí oiliúna náisiúnta.

5) Tugadh aghaidh ar chúnamh aisghabhála sa chaibidlíocht idirnáisiúnta freisin. Comhaontaíodh creat nua leis an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair[5], agus áiríodh forálacha sa Chomhaontú Comhlachais a caibidlíodh le hAndóra agus San Mairíne[6] agus reáchtáladh caibidlíocht leis an Eilvéis agus leis an Iorua[7]. Cuidíonn na tionscnaimh sin le comhar aisghabhála a leathnú lasmuigh den Aontas.

   I gcomhthéacs comhaontuithe a caibidlíodh leis an Ríocht Aontaithe agus tionscnaimh dhéthaobhacha áirithe de chuid na mBallstát, shainaithin an Coimisiún dúshláin maidir le comhsheasmhacht le dlí an Aontais a áirithiú. I gcás inar gá, rinne an Coimisiún idirghabháil chun an creat dlíthiúil a shoiléiriú agus chun na coigeartuithe is gá a dhaingniú, ionas go mbeadh na comhaontuithe ailínithe le rialacha an Aontais. Bhí meabhrúcháin ann nár cheart na cánacha agus na dleachtanna a thagann faoi fhorálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe maidir le cúnamh aisghabhála a chumhdach le forálacha comhfhreagracha na gcomhaontuithe agus na meabhrán tuisceana a ndéanann na Ballstáit iad a chaibidliú leis an Ríocht Aontaithe. Ar an gcaoi chéanna, soiléiríodh nár cheart go sáródh socruithe déthaobhacha idir Ballstáit an Aontais agus an Ríocht Aontaithe forálacha maidir le cúnamh aisghabhála an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe agus a Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann[8].

2. Cúnamh um aisghabháil cánach idir na Ballstáit: cé chomh héifeachtach agus atá sé?

---

[5] IO L 149/10 an 30 Aibreán 2021. Leagtar síos na forálacha nua maidir le cúnamh frithpháirteach um aisghabháil cánach sa Phrótacal maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse CBL agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil, ar Iarscríbhinn é a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair sin.

[6] Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne, faoi seach, COM(2024) 189 final an 26 Aibreán 2024.
Nuair a ghlacfar é, déanfar foráil le Prótacal Andóra atá i gceangal leis an gComhaontú sin maidir le rialacha nua i dtaca le cúnamh aisghabhála le haghaidh éilimh a bhaineann le dleachtanna ar allmhairí agus dleachtanna ar onnmhairí. Leagtar síos na rialacha nua sin in Airteagal 25 de Phrótacal Andóra, a chuirtear in ionad na rialacha a glacadh roimhe seo faoi Airteagail 4-24 de Chinneadh Uimh. 1/2003 ón gComhchoiste idir an tAontas Eorpach agus Andóra an 3 Meán Fómhair 2003, IO L 253/3 an 7 Deireadh Fómhair 2003. Forálacha a bheidh ann amach anseo maidir le cúnamh frithpháirteach chun gach éileamh cánach a aisghabháil, ba cheart iad a chomhaontú le hAndóra agus San Mairíne laistigh de thréimhse 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhlachais (Airteagal 63 den Chomhaontú Comhlachais atá beartaithe).

[7] Is é is aidhm don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair leis an Iorua raon feidhme an chúnaimh aisghabhála a leathnú faoin gcomhaontú atá ann cheana idir an tAontas agus an Iorua maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a aisghabháil sa réimse CBL (IO L 195/1 an 1 Lúnasa 2018).

[8] Féach tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le socruithe nó comhaontuithe déthaobhacha a chaibidliú idir Ballstáit an Aontais agus an Ríocht Aontaithe a bhaineann le comhar riaracháin sa réimse CBL nó i réimse an chúnaimh aisghabhála maidir le haon cháin, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Chinneadh (AE) Uimh. 2021/689 ón gComhairle, doiciméad COM(2025) 16 final an 28 Eanáir 2025.

2.1. An líon iarrataí, na méideanna a iarradh agus na méideanna a aisghabhadh dáiríre[9]

6. Tá méadú mór tagtha ar an líon iarrataí ar chúnamh le blianta beaga anuas. Léirítear an treocht sin sa mhéadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as gach cineál iarrata ar chomhar trasteorann maidir le haisghabháil cánach. Is iarrataí ar fhaisnéis iad sin atá ábhartha go hintuartha don údarás is iarratasóir maidir lena éilimh a aisghabháil, iarrataí ar fhógra a thabhairt don seolaí faoi dhoiciméid a bhaineann le héilimh den sórt sin a aisghabháil, iarrataí ar bhearta réamhchúraim chun aisghabháil éileamh amach anseo a áirithiú, agus iarrataí ar bhearta aisghabhála.

Tábla 1: Tábla 1: an líon iomlán iarrataí a fuair na Ballstáit uile (2020-2025)

	Iarrataí ar fhaisnéis	Iarrataí ar fhógra	Iarrataí ar bhearta réamhchúraim	Iarrataí ar aisghabháil	An líon iomlán iarrataí
2020	19 453	1 592	90	18 791	39 926
2021	21 952	1 488	124	20 711	44 275
2022	19 589	1 181	145	20 750	41 665
2023	22 058	1 202	297	28 325	51 882
2024	28 833	1 366	194	36 525	66 918
2025	29 792	1 796	526	39 397	71 511

Fuair roinnt Ballstát níos mó iarrataí ar chúnamh ná Ballstáit eile. Tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn 1 ar an líon iarrataí a fuair gach Ballstát in 2024-2025.

7. Ar an iomlán, tá treocht in airde ag baint leis na méideanna a aisghabhadh le blianta beaga anuas freisin, ach tá siad i bhfad níos ísle ná na méideanna a n-iarrtar cúnamh ina leith.

Tábla 2: Tábla 2: forbhreathnú ar na méideanna ar iarradh cúnamh ina leith agus ar na méideanna a aisghabhadh (2020-2025)

	Méideanna a n-iarrtar aisghabháil ina leith (mar a thuairiscigh na Ballstáit iarrthacha)	Arna n-aisghabháil arna iarraidh sin do Bhallstáit eile, sula n-asbhaintear a gcostais féin (a thuairiscigh na Ballstáit iarrtha)	Arna n-aisghabháil ar iarrataí chuig Ballstáit eile (a thuairiscigh na Ballstáit iarrthacha)
	in EUR (slánaithe go 1 000)	*in EUR (slánaithe go 1 000)*	*in EUR (slánaithe go 1 000)*
2020	2 424 528 000	76 265 000	66 256 000
2021	2 604 570 000	65 794 000	82 008 000
2022	2 337 326 000	83 277 000	111 284 000
2023	2 991 038 000	104 427 000	129 637 000
2024	3 878 215 000	123 802 000	177 977 000
2025	5 083 807 000	151 427 000	150 471 000

[9] Ní mór a thabhairt faoi deara go mbailítear an staidreamh trí uirlis uathoibrithe a úsáideann na Ballstáit uile, ach níor tharla sé sin ach ó 2025.

2.2. Maidir le hiarrachtaí na mBallstát cúnamh frithpháirteach um aisghabháil cánach a chur ar fáil

8. Tá difríocht mhór idir na méideanna a n-iarrtar cúnamh aisghabhála ina leith agus na méideanna arna dtuairisciú (ag an mBallstát iarrthach agus ag an mBallstát iarrtha araon) mar mhéideanna a aisghabhadh dáiríre (Tábla 2). Ba cheart an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara áfach:
   - úsáidtear cúnamh aisghabhála mar rogha dheiridh go ginearálta, nuair nach ann d'aon bheart náisiúnta aisghabhála a thuilleadh[10]. Ciallaíonn sé sin go mbaineann iarrataí ar chúnamh aisghabhála go ginearálta le cásanna deacra, a bhaineann le seanéilimh nó le héilimh níos sine;
   - bíonn am ag teastáil i leith gníomhaíochtaí aisghabhála de ghnáth. Fiú i gcás ina n-éiríonn leis an aisghabháil (go páirteach), is iondúil nach mbeidh torthaí ann ach tar éis tréimhse áirithe, seachas sa bhliain ina ndéantar an iarraidh lena mbaineann;
   - sa staidreamh a bhailítear go huathoibrithe maidir le méideanna a aisghabhadh iarbhír (atá ar fáil ó 2025), ní áirítear ann i gcónaí sonraí i dtaca le haisghabhálacha páirteacha, atá ina gcuid de ghníomhaíochtaí aisghabhála leanúnacha, a mhéid nach ndéantar na sonraí sin a thuairisciú go córasach i gcónaí sa teachtaireacht ó na húdaráis faighte iarrata chuig na Ballstáit iarrthacha;
   - níl sonraí ar fáil maidir leis na méideanna iomlána a íocadh go díreach. Sa staidreamh maidir leis na méideanna a aisghabhadh dáiríre, mar a thuairiscigh na Ballstáit iarrtha – agus, ó 2025, sa staidreamh a bhailítear tríd an uirlis uathoibrithe – ní áirítear iontu méideanna a d'íoc féichiúnaithe go díreach leis an mBallstát iarrthach, tar éis iarraidh ar aisghabháil chuig an mBallstát iarrtha. In 2025, rinneadh íocaíochtaí díreacha den sórt sin 6 116 uair ar a laghad (2 622 íocaíocht pháirteacha agus 3 494 íocaíocht iomlána an éilimh);
   - braitheann an 'ráta feidhmíochta' agus torthaí na ngníomhaíochtaí aisghabhála a dhéanann na húdaráis faighte iarrata ar thosca iomadúla nach bhfuil neart acu orthu. Ar an gcéad dul síos, nuair a sheoltar iarraidh ar aisghabháil, níl sé cinnte, nó d'fhéadfadh sé a bheith éiginnte, cé acu is féidir nó nach féidir an féichiúnaí nó na sócmhainní a aimsiú sa Bhallstát iarrtha. Mura bhfuil aon fhéidearthacht aisghabhála sa Bhallstát iarrtha, ní féidir leis na húdaráis faighte iarrata aon ghníomhaíocht aisghabhála rathúil a dhéanamh. Thairis sin, féadfaidh féichiúnaithe agóid a dhéanamh go rathúil in aghaidh bailíocht éilimh, fiú tar éis thionscnamh na n-imeachtaí cúnaimh aisghabhála, b'fhéidir. Ní dhéantar éilimh a chuirtear ar neamhní nó a laghdaítear ina dhiaidh sin a thuairisciú sa staidreamh (ós rud é go gcuirtear na méideanna a luaitear san iarraidh tosaigh san áireamh sa staidreamh)[11].

---

[10] De réir Airteagal 11(2) den Treoir maidir le hAisghabháil, sula n-iarrfaidh an Bhallstát iarrthach aisghabháil ó Bhallstát eile, ní mór dó a nósanna imeachta náisiúnta féin um aisghabháil a úsáid ar dtús, ach amháin i gcás inar léir nach bhfuil aon sócmhainn le haisghabháil sa Bhallstát iarrthach nó nach mbeidh íocaíocht an éilimh ina iomláine mar thoradh ar na nósanna imeachta sin, agus go bhfuil faisnéis shonrach ag an údarás is iarratasóir lena léirítear go bhfuil sócmhainní ag an duine lena mbaineann sa Bhallstát iarrtha, nó i gcás ina dtiocfadh deacracht dhíréireach as dul ar iontaoibh na nósanna imeachta sin sa Bhallstát iarrthach.

[11] Samplaí de thosca eile nach bhfuil faoi chúram na n-údarás faighte iarrata:
1. Féadfaidh Ballstát iarrthach amháin iarrataí a bhaineann leis an éileamh céanna a sheoladh chuig roinnt Ballstát. Sa chás sin, níor cheart (ní féidir) an t-éileamh a aisghabháil ach aon uair amháin. Fiú má dhéantar an t-éileamh sin a aisghabháil go hiomlán i mBallstát amháin, ní léireoidh an ráta cúnaimh aisghabhála sna Ballstáit eile go bhfuil an t-éileamh sin aisghafa go hiomlán; léireoidh sé nach bhfuil sé aisghafa ar chor ar bith.
2. Má sheolann Ballstát iarrthach iarraidh ar mhéid in-aisíoctha CBL a aisghabháil, ní chuirfear san áireamh san uirlis staidrimh um chúnamh aisghabhála méid na haisíocaíochta CBL a urghabhtar, ach cuirfear san

9. Mar sin féin, is féidir teacht ar an gconclúid ar bhonn na faisnéise a bhailítear nach ndéanann riaracháin iarrtha iarrachtaí leordhóthanacha i gcónaí chun na hiarrataí a fhaigheann siad a chomhlíonadh. Ní bhíonn an obair leantach córasach i gcónaí agus bíonn cumarsáid maidir le comhlíonadh iarrataí míthráthúil go minic agus míchruinn, go háirithe maidir le hiarrataí ar aisghabháil.

   Ó bhí 2025 ann, bailítear staidreamh maidir le tráthúlacht na n-admhálacha go bhfuarthas iarrataí ar chúnamh agus maidir le teachtaireachtaí leantacha breise a bhaineann le hiarrataí ar chúnamh a fhorghníomhú. Is gá an staidreamh sin a bhailiú le linn tréimhse níos faide, áfach, sula bhféadfar léargas iomlán cruinn a thabhairt ar iarrachtaí na mBallstát iarrtha iarrataí ar chúnamh a chomhlíonadh in am trí anailís a dhéanamh orthu.

2.3. Na príomh-shaincheisteanna a tháinig chun cinn agus iarrataí ar aisghabháil á bhforghníomhú

10. I dtuarascáil ó 2017 maidir leis an úsáid a bhaintear as cúnamh frithpháirteach um aisghabháil cánach idir Ballstáit an Aontais, tugadh faoi deara gur *toradh é ar chomhairliúcháin le húdaráis fhioscacha na mBallstát go bhfuil an cúnamh aisghabhála ag feidhmiú go maith i gcásanna simplí (e.g. oibrithe teorann), i gcás inar réiteach é an cúnamh aisghabhála ar easpa inniúlacht trasteorann na n-údarás fioscach*. *Mar sin féin, i gcásanna eile – go háirithe i gcás inarb í intinn chalaoiseach an fhéichiúnaí is cúis leis an neamhbhailiú – meastar go bhfuil an cúnamh aisghabhála níos deacra, mar atá an aisghabháil sa Bhallstát iarrthach féin*[12]. Tá an bharúil sin fós bailí sa lá atá inniu ann. D'ainneoin méideanna aisghabhála méadaithe, tá bearna mhór fós ann idir méideanna a iarradh agus méideanna a aisghabhadh.


11. Chun léargas soiléir a fháil ar na cúiseanna le hiarrataí ar aisghabháil nár éirigh leo, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit anailís dhomhain a dhéanamh ar thoradh na gcúig iarraidh ar aisghabháil is airde luach le linn na tréimhse 2022-2024. Deimhnítear leis an bhfaisnéis a bailíodh go bhfuil neamhréireacht mhór idir méideanna a iarradh agus méideanna a aisghabhadh, rud a léiríonn nár éirigh ach go páirteach leis na hiarrataí sin.

áireamh inti méid iomlán an fhéich cánach neamhíoctha (a d'fhéadfadh a bheith i bhfad níos airde ná méid CBL in-aisíoctha), rud a shaobhann ráta cúnaimh aisghabhála a ríomhfaí ar bhonn na bhfigiúirí sin.

3. Fuair Ballstát iarraidh ar aisghabháil le haghaidh méid eisceachtúil atá níos mó ná EUR 500 000 000. Mura n-aisghabhfaí an t-éileamh aonair sin, d'fhéadfadh éifeacht shuaiteach a bheith aige sin ar ráta aisghabhála ginearálta an Bhallstáit iarrtha.

[12] Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2017) 778 an 18 Nollaig 2017 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le húsáid an chúnaimh aisghabhála idir Ballstáit den Aontas Eorpach, pointe 2.d.

Tábla 3: Forbhreathnú ar chásanna inar éirigh leis an aisghabháil nó nár éirigh léi, a tuairiscíodh mar an Stát iarrthach[13]



[13] Ciallaíonn aisghabháil 'ar éirigh léi' go bhféadfadh an Stát iarrtha na héilimh a aisghabháil go hiomlán nó go páirteach nó go ndearnadh íocaíochtaí díreacha leis an Stát iarrthach; ciallaíonn aisghabháil 'nár éirigh léi' nár aisghabhadh aon ní nó nár aisghabhadh ach méid teoranta.
Níor sheol Málta iarrataí den sórt sin le linn na tréimhse lena mbaineann; níor thug an Ísiltír freagra ar an suirbhé sin; níor thug an Fhionlainn freagra ar an gceist sin.

Tábla 4: Forbhreathnú ar chásanna inar éirigh leis an aisghabháil nó nár éirigh léi, a tuairiscíodh mar Stát iarrtha[14]



12. De réir na faisnéise a bailíodh, is iad na bacainní is coitianta ar chúnamh aisghabhála éifeachtach ná stádas dócmhainneachta an fhéichiúnaí nó, mar a mhínítear thuas, easpa sócmhainní inrochtana i gcríoch an Bhallstáit iarrtha, agus nach féidir aisghabháil a dhéanamh a thuilleadh.

[14] ‘ Ciallaíonn aisghabháil ‘ar éirigh léi’ go bhféadfadh an Stát iarrtha na héilimh a aisghabháil go hiomlán nó go páirteach nó go ndearnadh íocaíochtaí díreacha leis an Stát iarrthach; ciallaíonn aisghabháil ‘nár éirigh léi’ nár aisghabhadh aon ní nó nár aisghabhadh ach méid teoranta.
Níor thug an Ísiltír freagra ar an suirbhé sin; níor thug an Fhionlainn freagra ar an gceist sin.

Tá cásanna dócmhainneachta calaoiseacha fós an-dúshlánach, i bhfianaise na deacrachta a bhaineann le sócmhainní a rianú thar theorainneacha agus i bhfianaise na dteorainneacha a bhaineann leis an gcomhar dócmhainneachta trasteorann atá ann faoi láthair.

Deimhníodh sa suirbhé gur príomhthoisc é rochtain thráthúil ar fhaisnéis chruinn (faisnéis atá cothrom le dáta faoi shócmhainní, féichiúnaithe nó daoine eile atá faoi dhliteanas i leith an fhéich cánach lena mbaineann a bheith ann agus faoi shuíomh na sócmhainní, na bhféichiúnaithe nó na ndaoine sin) chun go n-éireoidh leis an gcúnamh aisghabhála. I gcás ina gcuirtear moill ar fhaisnéis, ina bhfuil sí neamhiomlán nó as dáta, baintear an bonn d'éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chomhair nó laghdaítear é.

Tá iarrataí tráthúla ar chúnamh aisghabhála fíor-riachtanach. D'fhéadfadh moilleanna le measúnú arna dhéanamh ag Ballstáit iarrthacha ar éilimh agus le cúnamh aisghabhála a thionscnamh laghdú mór a dhéanamh ar an seans go n-éireodh le haisghabháil.

Baintear an bonn a thuilleadh d'iarrachtaí aisghabhála mar gheall ar nósanna imeachta measúnaithe agus iniúchóireachta fada, agus díospóidí fada maidir le héilimh chánach. Má chonspóidtear éilimh, ní féidir, i bprionsabal, cúnamh aisghabhála a iarraidh, agus mar gheall ar an am is gá chun teacht ar chinneadh críochnaitheach maidir leis an bhfiach cánach, is minic a laghdaítear an dóchúlacht go n-éireodh le forfheidhmiú ag céim níos déanaí.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh rialacha cánach casta a athraíonn go minic an líon éileamh a chonspóidtear a mhéadú, rud a fhágann go bhféadfadh tuilleadh moilleanna agus éiginnteachta a bheith ann.

3. Feabhas a chur ar aisghabháil cánach náisiúnta agus ar chúnamh aisghabhála trasteorann

3.1. Feabhas a chur ar aisghabháil cánach náisiúnta

13. Mura n-aisghabhtar cánacha, bíonn riaráistí cánach móra ann. Cuirtear figiúirí maidir le riaráistí cánach náisiúnta ag deireadh na bliana i láthair in Iarscríbhinn 2. Mar sin féin, in éagmais modheolaíocht choiteann chun measúnú a dhéanamh ar rátaí náisiúnta aisghabhála cánach, is deacair measúnú a dhéanamh ar na torthaí aisghabhála sna Ballstáit. Thuairiscigh freagróirí an tsuirbhé modheolaíochtaí an-ilchineálach chun a ráta náisiúnta aisghabhála cánach a ríomh. Úsáideann roinnt Ballstát táscairí ambhunaithe (ag a bhfuil tréimhsí tagartha éagsúla), agus díríonn Ballstáit eile ar stoc riaráistí. Cuireann roinnt Ballstát cóimheasa éifeachtúlachta forfheidhmiúcháin i bhfeidhm, agus comhtháthaíonn cuid acu cuspóirí beartais. Eisiann roinnt Ballstát fiacha nach féidir a bhailiú nó fiacha atá curtha ar fionraí chun aisghabháil éifeachtach a thomhas, ach braitheann Ballstáit eile ar chóimheasa comhlíontachta níos leithne nach bhfuil baint dhíreach acu le haisghabháil fhorfheidhmithe. Mar thoradh air sin, cuireann éagsúlachtaí i bpríomhshainmhínithe (e.g. 'riaráistí', 'fiach in-aisghabhála', 'fiach aistarraingthe') teorainn le hinchomparáideacht na dtorthaí.
14. Cé go bhfuil na riaracháin náisiúnta fós ag oiriúnú a struchtúr agus a nósanna imeachta chun an cúnamh aisghabhála a neartú, tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí.
15. Tá nósanna imeachta éifeachtúla (go háirithe iarrataí tráthúla agus forghníomhú tapa) agus éifeachtacha um aisghabháil cánach fós fíor-riachtanach. Tá na freagrachtaí láraithe ag roinnt riarachán nó tá siad tar éis cur chuige níos comhtháite a áirithiú ar fud catagóirí éagsúla cánacha. Braitheann éifeachtacht an chur chuige sin ar rochtain iomlán a bheith ag an údarás aisghabhála ar an bhfaisnéis ábhartha uile chun straitéis aisghabhála dhomhanda a chur i bhfeidhm.

16. Tá dea-chomhar idir údaráis fhioscacha agus údaráis/riarthóirí dócmhainneachta ríthábhachtach freisin, go háirithe chun a áirithiú gur féidir aisghabháil éifeachtach a bheith mar thoradh ar chinntí maidir le dliteanas comhpháirteach i gcásanna dócmhainneachta calaoiseacha.

17. Tá gá le hiarrachtaí chun fad na nósanna imeachta measúnaithe agus conspóide a laghdú. Tá sé ríthábhachtach rialacha cánach a shimpliú, dlús a chur le himscrúduithe cánach, agus nósanna imeachta díospóide a chuíchóiriú chun cosc a chur ar mhoilleanna a bhaineann an bonn d'ionchais aisghabhála.

18. Seoladh Grúpa Tionscadail Fiscalis nua (FPG 069) in 2026 chun bealaí a shainaithint chun feabhas a chur ar bhailiú agus aisghabháil féich cánach, trí úsáid a bhaint as anailís chomparáideach, as an gclaochlú digiteach agus as faisnéis chomhoibríoch. Beidh deis ann mar gheall ar an nGrúpa Tionscadail Fiscalis sin léargas níos fearr a fháil ar fheidhmíocht iarbhír na nósanna imeachta náisiúnta um aisghabháil. Cuideoidh toradh an tionscadail sin le tuilleadh deiseanna agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint.

3.2. Feabhas a chur ar chúnamh trasteorann um aisghabháil cánach

19. Chun forghníomhú iarrataí trasteorann a bharrfheabhsú, ba cheart do na húdaráis fhioscacha iarrtha a áirithiú go ndéanfar aisghabháil go héifeachtúil agus go héifeachtach, gan moilleanna neamhriachtanacha.

20. In 2025, d'eisigh Comhphobal an Aontais um Ardchomhar Riaracháin Idirnáisiúnta[15] nóta treorach maidir le conas an riosca a bhaineann le neamhíocaíocht cánacha a mhaolú trí aisghabháil a bheith i gceist sna rialuithe iltaobhacha agus i ngníomhaíochtaí ardchomhair riaracháin idirnáisiúnta eile chun cánacha a mheasúnú agus a rialú.

21. Chomh maith le féachaint ar nósanna imeachta náisiúnta um aisghabháil, is é príomhchuspóir Ghrúpa Tionscadail Fiscalis (FPG 069) thuasluaite feabhas a chur ar éifeachtacht, luas agus cothroime bhailiú agus aisghabháil an fhéich cánach ar fud Ballstáit den Aontas Eorpach trí shásra mear comhair a chur ar bun le haghaidh cásanna cánach trasteorann ar mórscála.

22. Bunaíodh Grúpa Tionscadail Fiscalis (FPG046) in 2024 chun feabhas a chur ar na próisis íocaíochta agus aisghabhála laistigh den chóras OSS CBL agus chun machnamh a dhéanamh ar conas déileáil leis na hiarmhairtí cánach a bhaineann le neamhíocaíocht CBL atá dlite nó le tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta in aghaidh cuideachtaí atá cláraithe le OSS. Tá tuilleadh taighde ar bun chun raon feidhme na faidhbe a thomhas.

    Faoi chóras OSS an Aontais, bailíonn an Ballstát (sainaitheantais OSS) an CBL sin agus dáileann sé ar na Ballstáit tomhaltais é. Mar sin féin, is ar na Ballstáit tomhaltais atá an fhreagracht CBL neamhíoctha a aisghabháil, cé nach bhfuil an cáiníocóir bunaithe ansin. Leis sin cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit tomhaltais iarrataí ar aisghabháil a chur faoi bhráid an Bhallstáit sainaitheantais OSS. Cruthaíonn roinnt na bhfreagrachtaí sin idir na Ballstáit a shainaithníonn OSS agus na Ballstáit tomhaltais ualach breise riaracháin, go háirithe nuair a sheolann roinnt Ballstát tomhaltais iarrataí ar chúnamh a bhaineann leis an bhféichiúnaí céanna.

    Tháinig an Grúpa Tionscadail Fiscalis sin ar an gconclúid go bhfuil gá le tuilleadh plé maidir le bealaí chun feabhas a chur ar aisghabháil CBL atá fós gan íoc faoi scéim OSS an Aontais. Moladh roghanna éagsúla, lena n-áirítear leasú a dhéanamh ar fhorálacha

[15] Comhphobal an Aontais Eorpaigh um Ardchomhar Riaracháin Idirnáisiúnta, a bhfuil sé d'aidhm aige úsáid rialuithe comhuaineacha nó iltaobhacha, iniúchtaí comhpháirteacha, láithreacht oifigeach in oifigí riaracháin eachtracha agus rannpháirtíocht i bhfiosrúcháin riaracháin a chothú.

ábhartha na Treorach maidir le CBL (Treoir 2006/112/CE) chun ligean don Bhallstát sainaitheantais OSS freagracht dhíreach a ghlacadh as CBL-OSS neamhíoctha a aisghabháil. D'fhéadfadh simpliú an nós imeachta faoin Treoir maidir le hAisghabháil a bhaineann le héilimh CBL-OSS a bheith i gceist le roghanna beartais eile, mar shampla trí dheireadh a chur leis an gceanglas i dtaca le foirm aonfhoirmeach um fhógra nó ionstraim aonfhoirmeach lena gceadaítear fhorfheidhmiú, ós rud é go bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir le CBL-OSS neamhíoctha ag an mBallstát sainaitheantais OSS cheana féin.

23. Ardaíodh ceisteanna freisin maidir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair méideanna in-aisíoctha CBL a astú. Ceadaítear le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) 904/2010 aisíocaíocht CBL atá dlite do cháiníocóir i mBallstát amháin a aistriú go díreach chuig Ballstát eile ina bhfuil fiacha gan íoc ag an gcáiníocóir sin. Cé go n-éascaíonn an nós imeachta sin aisghabháil, is gá toiliú an fhéichiúnaí a fháil faoi láthair. In éagmais toiliú den sórt sin, ní mór do na Ballstáit iarrataí ar chúnamh aisghabhála a chur isteach, rud a mhéadaíonn an t-ualach riaracháin ar an mBallstát iarrthach agus ar an mBallstát iarrtha araon. De réir staidreamh a sholáthair na Ballstáit, in 2025, taifeadadh 912 iarraidh ar aisghabháil ar a laghad a bhain le méideanna in-aisíoctha CBL.

4. Conclúidí

24. Tá cúnamh frithpháirteach aisghabhála faoin Treoir maidir le hAisghabháil ag éirí níos tábhachtaí chun cánachas cothrom a áirithiú agus ioncam poiblí san Aontas a chosaint. Tá méadú mór tagtha ar iarrataí agus ar mhéideanna a aisghabhadh, rud a léiríonn luach foriomlán an chórais atá ann faoi láthair.

25. Is deacair fós éilimh chasta nó ardluacha a fhorfheidhmiú, áfach. Tá éifeachtúlacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí aisghabhála teoranta mar gheall ar easpa sócmhainní inrochtana, cásanna dócmhainneachta, nósanna imeachta fada measúnaithe agus iniúchóireachta agus díospóidí fada.

26. Cuirtear i dtábhacht sa suirbhé agus sna malartuithe leis na riaracháin náisiúnta a thábhachtaí atá sé tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann araon, chun déileáil leis an méadú leanúnach ar an líon iarrataí. D'fhéadfaí aird a thabhairt ar an méid seo a leanas go háirithe:
    - rialacha a shimpliú chun an t-am is gá le haghaidh nósanna imeachta measúnaithe agus iniúchóireachta a laghdú agus chun conspóidí agus moilleanna a laghdú;
    - infheistíocht a dhéanamh i nósanna imeachta éifeachtúla um bailiú agus aisghabháil agus in acmhainneacht riaracháin leormhaith sna Ballstáit iarrthacha agus sna Ballstáit iarrtha, agus trí dheiseanna a chuireann an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil a fhiosrú leis na coimircí iomchuí;
    - feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis aisghabhála cánach agus cúirteanna agus údaráis eile atá ag déileáil le cásanna dócmhainneachta;
    - a áirithiú go ndéanfar obair leantach chomhsheasmhach thráthúil ar iarrataí ar chúnamh aisghabhála;
    - déileáil le deacracht logánú sócmhainní a shainaithint, toisc nach soláthraítear le malartú faisnéise faoi Threoir 2011/16/CE maidir le comhar riaracháin rochtain fíor-ama ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi shócmhainní thar lear;
    - déileáil leis na bearnaí sa chomhar idir údaráis aisghabhála cánach agus údaráis a bhainistíonn nósanna imeachta dócmhainneachta.

27. Tacóidh an Coimisiún le hobair Ghrúpa Tionscadail Fiscalis maidir le haisghabháil agus úsáidfidh sé a thoradh chun cur le hanailís agus gníomhaíochtaí féideartha amach anseo. Go sonrach, measfaidh an Coimisiún conas is féidir feabhas a chur ar chleachtais

oibríochtúla i gcásanna móra aisghabhála trasteorann. Is é an aidhm atá ann measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh comhar níos comhordaithe agus níos iltaobhaí – rud a chuirfeadh leis an gcomhar déthaobhach atá ann faoi láthair – idir na Ballstáit feabhas a chur ar an éifeachtacht, go háirithe i gcásanna casta lena mbaineann roinnt Ballstát, ina bhféadfadh sé nach mbeadh cineálacha cur chuige dhéthaobhach chomh héifeachtúil céanna.

28. I bhfianaise an tionchair dhiúltaigh atá ag conspóidí fada ar aisghabháil cánacha, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar a mhéid is féidir feabhas a chur ar úsáid beart réamhchúraim chun aisghabháil éileamh a chonspóidtear a áirithiú. Faoi láthair, tá an líon iarrataí ar bhearta réamhchúraim fós íseal. D'fhéadfadh tionscadal de chuid Ghrúpa Tionscadail Fiscalis cuidiú le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé sin (go páirteach) mar gheall ar easpa nósanna imeachta soiléire agus/nó comhchuibhithe chun bearta réamhchúraim a ghlacadh i gcásanna trasteorann.

29. In éineacht leis na Ballstáit, fiosróidh an Coimisiún na roghanna is fearr a thuilleadh chun feabhas a chur ar aisghabháil CBL atá fós gan íoc faoi scéim OSS an Aontais agus chun aistriú díreach na haisíocaíochta CBL atá dlite do cháiníocóir i mBallstát amháin chuig Ballstát eile ina bhfuil fiacha gan íoc ag an gcáiníocóir sin a éascú.


30. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do riaracháin trí threoraíocht, trí fhaireachán agus, i gcás inarb iomchuí, trí thionscnaimh reachtacha. Beidh sé d'aidhm aige freisin cúnamh aisghabhála a fhorbairt sa chaibidlíocht le tríú tíortha. Moltar do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún chun cur chun feidhme rathúil na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú.

Iarscríbhinn 1. Forbhreathnú ar an líon iarrataí a fuair gach Ballstát (2024-2025)

	Iarrataí ar fhaisnéis		Iarrataí ar fhógra		Iarrataí ar bhearta réamhchúraim		Iarrataí ar aisghabháil	
	2024	2025	2024	2025	2024	2025	2024	2025
BE	1 034	944	53	58	25	33	1 764	2 126
BG	1 940	2 195	65	72	10	13	766	866
CZ	331	537	44	18	0	4	406	562
DK	214	175	30	17	0	12	517	399
DE	2 668	2 374	220	325	19	62	5 143	4 186
EE	153	175	12	11	3	27	386	407
IE	290	256	22	57	0	95	512	692
EL	454	597	10	5	2	5	157	244
ES	1 364	1 281	50	70	11	8	1 920	1 713
FR	1 474	2 289	62	163	3	122	3 537	3 839
HR	749	737	17	28	2	2	307	661
IT	1 527	1 427	83	72	13	15	1 561	1 545
CY	141	160	19	15	3	3	786	431
LV	313	296	23	14	1	4	166	213
LT	1 705	1 987	20	26	48	39	6 318	6 735
LU	796	649	29	34	6	19	1 583	2 077
HU	896	1 173	59	53	12	7	422	938
MT	57	82	20	69	9	0	154	673
NL	1 671	1 692	77	127	10	12	2 405	2 013
AT	658	834	38	47	6	6	1 028	1 460
PL	2 842	2 856	229	332	3	11	2 995	3 830
PT	678	675	21	16	2	11	587	617
RO	5 932	5 562	99	80	2	4	1 848	2 001
SI	226	217	11	24	1	1	383	400
SK	371	405	23	24	5	8	393	402
FI	76	46	13	8	0	1	191	107
SE	273	171	17	31	0	2	299	260
Iomlán	**28 833**	**29 792**	**1 366**	**1 796**	**194**	**526**	**36 525**	**39 397**


Iarscríbhinn 2: táscairí maidir le riaráistí náisiúnta aisghabhála cánach

Cuirtear i láthair sa tábla thíos forbhreathnú ar na riaráistí iomlána ag deireadh na bliana mar chéatadán den ghlanioncam iomlán (sonraí le haghaidh 2023)[16].



[16] Sonraí a tógadh ó thuarascáil 2025 ECFE ar údaráis fhioscacha, lch. 105, fioracha 7.2 agus 7.3 (Údaráis fhioscacha 2025 | ECFE). Foinse: ADB, CIAT, IOTA, CAI, ECFE, Suirbhé Idirnáisiúnta ar Riarachán Ioncaim, Tábla D.41 Cóimheasa riaráistí: Stoc deiridh agus riaráistí inbhailithe, http://isoradata.org.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos forbhreathnú ar na riaráistí iomlána ag deireadh na bliana a mheastar a bheith inbhailithe, mar chéatadán de na riaráistí iomlána ag deireadh na bliana (sonraí le haghaidh 2023)[17].



[17] Sonraí a tógadh ó thuarascáil 2025 ECFE ar údaráis fhioscacha, lch. 106, fíor 7.4(Údaráis fhioscacha 2025 | ECFE). Foinse: ADB, CIAT, IOTA, CAI, ECFE, Suirbhé Idirnáisiúnta ar Riarachán Ioncaim, Tábla D.41 Cóimheasa riaráistí: Stoc deiridh agus riaráistí inbhailithe, http://isoradata.org.